MOO CREW
MÚÚÚINEADH
NA DÉIRÍOCHTA SA BHUNSCOIL

Bileog Oibre faoi Cháiseanna na hEorpa (Plean Ceachta Sinsearach 6)

GNÍOMHAÍOCHT 1:

Léigh faoi 'Cáiseanna na hEorpa' i do ghrúpaí.

Pléigh iad i do rang.

Cáiseanna na hEorpa

Ceaptar go dtéann déanamh cáiseanna chomh fada siar le níos mó ná 4,000 bliain ó shin. Faoin am a bhí Impireacht na Róimhe ann ba ghnó tábhachtach é déanamh cáiseanna san Eoraip cheana féin. De réir mar a bhog daoine timpeall ó thír go tír thóg siad leo a gcuid traidisiún féin.

- **Brie:** Is cáis bhog í Brie a thagann ón gceantar Brie i dTuaisceart na Fraince. Tá sí déanta as bainne de bhó. Is cáis bhog, uachtarúil agus bhuí ar an taobh istigh í Brie. Tá boladh láidir uaithi. Tá Brie á déanamh ag daoine le níos mó ná míle bliain.
- **Manchego:** Is cáis chrua í Manchego a thagann ón gceantar 'La Mancha' sa Spáinn. Tá sí á táirgeadh ansin ar feadh na mílte bliain. Tá dath órga ar Manchego agus tá sí déanta as bainne de chaora.
- **Parmasán:** Is é is dóichí gurb í an cháis is cáiliúla san Iodáil ná Parmasán. Tagann sí ón gceantar Parma san Iodáil. Is cáis chrua, thirim é a dhéantar a ghrátáil go minic agus a itear go hiondúil le miasa pasta. Tá sí déanta as bainne de bhó.
- **Gouda:** Is cáis leathchrua í Gouda a thagann ón gcathair Gouda san Ollainn ach a dhéantar ar fud an domhain anois. Is cáis bhuí í le craiceann céiriúil ar an taobh amuigh. De ghnáth déantar í le bainne paistéartha de bhó ach uaireanta is féidir í a dhéanamh le bainne ó ghabhar nó ó chaora.
- **Feta:** Tagann cáis Feta ó mhórthír na Gréige. Is í ceann de na príomh-chomhábhair i sailéad Gréagach traidisiúnta. Is cáis bhog bhán í atá déanta as bainne de chaora nó gabhar. Is cáis ghráinneach í agus tá blas de shalann uaithi. Glacann sé tamall fada Feta a dhéanamh toisc gur gá í a choinneáil i sáile ar feadh cúpla mí ar a laghad.
- **Emmental:** Is cáis leathchrua Eilvéiseach í Emmental a ainmníodh i ndiaidh Ghleann Emmental san Eilvéis. Tá sí buí agus tá poill mhóra inti agus craiceann tanaí aici. Tarlaíonn na poill mar gheall ar na boilgíní dé-ocsaíde carbóin a chruthaítear nuair a dhéantar an cháis. Tá Emmental déanta as bainne de bhó.

GNÍOMHAÍOCHT 2:

Léigh na ceisteanna faoi 'Cáiseanna na hEorpa' agus **freagair** iad sna cóipleabhair.

Ceisteanna maidir le Cáiseanna na hEorpa:

1. Cé chomh sean agus atá an traidisiún déanamh cáiseanna?
2. Conas a scaip na traidisiúin déanamh cáiseanna ar fud na hEorpa?
3. Cé acu de na cáiseanna thuas atá déanta as bainne ó bhó?
4. Cé acu de na cáiseanna thuas atá déanta as bainne ó chaora?
5. Cuir na cáiseanna i gcatagóirí de cháis bhog, cáis leathchrua agus cáis chrua.
6. Mínigh cén fáth a nglacann sé chomh fada sin cáis Feta a dhéanamh.
7. Mínigh cén fáth a bhfuil poill mhóra i gcáis Emmental.
8. Cén áit a bhfaigheann cáis Manchego a hainm, dar leat?
9. Ainmnigh an cháis is cáiliúla ón Iodáil. Cén réigiún as a dtagann sí san Iodáil?
10. Liostaigh aon cháiseanna cáiliúla eile atá tú in ann a ainmniú.

FEACHTAS ARNA MHAOINIÚ LE CUIDIÚ ÓN AONTAS EORPACH

National Dairy Council

Cheese up your life!

ENJOY IT'S FROM EUROPE